Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13865/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0319 (NLE)**

**VISA 137**
**COAFR 368**
**MIGR 173**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 709 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí gearrfhanachta le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 709 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 709 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.12.2020
COM(2020) 709 final

2020/0319 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí gearrfhanachta le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas Eorpach

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá dlúthchaidreamh ar fónamh ann idir Cabo Verde agus an tAontas Eorpach le breis agus 35 bliana anuas, agus thar aon ní eile is ar chomhar suntasach leanúnach um fhorbairt atá an dlúthchaidreamh sin bunaithe. Ó bhí Samhain 2007 ann, tá an caidreamh idir an tAontas agus Cabo Verde á rialú faoi Chomhpháirtíocht Speisialta, uirlis uaillmhianta lena neartaítear an caidreamh déthaobhach, agus cás uathúil i measc an ghrúpa stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (Stáit ACC). Is de chuspóirí na Comhpháirtíochta Speisialta an tsoghluaisteacht agus an teagmháil idirphearsanta a fheabhsú idir saoránaigh den Aontas agus saoránaigh Cabo Verde, mar aon le comhar a mhéadú i réimse an chomhraic in aghaidh na hinimirce neamhrialta. Faoi chuimsiú na comhpháirtíochta sin, in 2008 bhí Cabo Verde ar an gcéad tír Afracach a thug Comhpháirtíocht Soghluaisteachta i gcrích leis an Aontas, agus ina dhiaidh sin thug sí Comhaontú i gcrích leis an Aontas maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí gearrfhanachta le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas[1], comhaontú a glacadh go comhthreomhar le Comhaontú maidir le daoine atá faoi chónaí gan údarú a athligean isteach[2]. Is an 1 Nollaig 2014 a tháinig an dá chomhaontú i bhfeidhm.

Tá na comhaontuithe sin á gcur chun feidhme le beagnach 5 bliana anuas, agus i bhfianaise na n-athruithe atá tagtha chun cinn i reachtaíocht an Aontais agus i reachtaíocht intíre Cabo Verde maidir le víosaí, eadhon an t-athbhreithniú a rinneadh ar Chód Víosaí an Aontais[3] agus an cinneadh a rinne Cabo Verde chun saoránaigh den Aontas a dhíolmhú ón gceanglas víosa maidir le fanacht nach faide ná 30 lá[4], d'fhéach an Coiste Comhpháirteach arna bhunú faoin gcomhaontú reatha ar an ngá atá ann chun rialacha áirithe a bunaíodh faoin gComhaontú a leasú, d'fhonn é a chur in oiriúint don athrú atá ar na dálaí.

Dá bhrí sin, an 13 Meán Fómhair 2019, chuir an Coimisiún Moladh[5] faoi bhráid na Comhairle d'fhonn treoracha a fháil chun Comhaontú a chaibidliú lena leasófaí an Comhaontú reatha um Eisiúint Víosaí a Éascú le Poblacht Cabo Verde.

Tar éis an údaraithe a thug an Chomhairle[6] an 29 Deireadh Fómhair 2019, cuireadh tús go hoifigiúil leis an gcaibidlíocht le Poblacht Cabo Verde an 28 Samhain 2019 sa Bhruiséil. Bhí dreas eile cainteanna ann an 30 Eanáir 2020 in Praia, áit ar bhain na príomh-idirbheartaithe comhaontú amach i bprionsabal maidir leis an dréacht-téacs. Chuir na príomh-idirbheartaithe a gcuid inisealacha le téacs an chomhaontaithe an 24 Iúil 2020 trí mhalartú ríomhphost.

I rith gach céime den chaibidlíocht, tugadh eolas do na Ballstáit agus chuathas i gcomhairle leo faoi chuimsiú Mheithleacha ábhartha de chuid na Comhairle. Roinneadh an dréacht deiridh de théacs an chomhaontaithe leis an Meitheal um Víosaí, agus formhuiníodh é mórán, trí nós imeachta an tosta, an 27 Márta 2020.

Is éard atá sa togra atá i gceangal an ionstraim dlí i ndáil le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe. Is trí thromlach cáilithe a dhéanfaidh an Chomhairle cinneadh.

---

1 IO L 282, 24.10.2013, lgh. 3-12.

2 IO L 282, 24.10.2013, lch. 15.

3 Rialachán (AE) 2019/1155 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí). IO L 188, 12.7.2019, lgh. 25–54.

4 Feasachán Oifigiúil Phoblacht Cabo Verde I.54, 13.8.2018, lch. 1350.

5 COM(2019) 417 final.

6 Ares(2019)6870996

## 2. AIDHM AGUS ÁBHAR AN CHOMHAONTAITHE

An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí gearrfhanachta le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas (dá ngairtear: 'an Comhaontú' anseo feasta), is é is aidhm don Chomhaontú sin eisiúint na víosaí a éascú, ar bhonn cómhalartach, maidir le tréimhse fanachta atá beartaithe le haghaidh tréimhse nach faide ná 90 lá i rith tréimhse 180 lá.

Measann an Coimisiún gur gnóthaíodh na cuspóirí a shocraigh an Chomhairle ina treoracha caibidlíochta, agus measann sé go bhfuil an Dréachtchomhaontú inghlactha don Aontas.

Is féidir ábhar deiridh an chomhaontaithe a achoimriú mar a leanas:

– laghdaítear an táille víosa le haghaidh iarratais a phróiseáil go 75 % den mhéid atá le gearradh i gcomhréir leis an reachtaíocht intíre is infheidhme (i.e. EUR 60 do shaoránaigh Cabo Verde). Sin é an táille a ghearrfar ar gach iarratasóir. Ina theannta sin, tarscaoiltear go hiomlán ón gceanglas sin céilí, leanaí (lena n-áirítear leanaí uchtaithe) faoi bhun 21 bhliain d'aois nó leanaí atá i gcleithiúnas, agus tuismitheoirí de chuid shaoránaigh Cabo Verde a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil ar chríoch Ballstáit, nó de chuid saoránach den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát a náisiúntachta féin. Sa bhreis air sin, maidir le leanaí atá 12 bhliain d'aois ar a óige (ach atá faoi bhun 18 mbliana d'aois), laghdaítear an táille a thuilleadh faoi 50 % den táille is infheidhme go hiondúil (i.e. EUR 30 do shaoránaigh Cabo Verde);

– Na doiciméid atá le cur isteach maidir le cuspóir an turais, tá simpliú déanta orthu le haghaidh na gcatagóirí iarratasóirí seo a leanas: comhaltaí de thoscaireachtaí oifigiúla; lucht gnó; céilí, leanaí agus tuismitheoirí de chuid saoránach den Aontas nó de chuid shaoránaigh Cabo Verde; daltaí scoile, mic léinn agus mic léinn iarchéime; daoine atá páirteach in ócáidí eolaíocha, cultúrtha, spóirt agus reiligiúnacha; iriseoirí gona bhfoireann chúnta; daoine atá ag taisteal ar chúiseanna leighis. Le haghaidh na gcatagóirí daoine sin, ní iarrfar doiciméad orthu ach amháin na doiciméid a liostaítear sa Chomhaontú chun údar cuí a lua le cuspóir an turais; má bhí víosa il-iontrála dleathach a raibh bailíocht bliana amháin ar a laghad leis in úsáid ag iarratasóir roimhe seo, ní gá don iarratasóir sin cruthúnas a thabhairt i leith fianaise lóistín;

– rinneadh leasú ar na rialacha maidir le heisiúint na víosaí il-iontrála trí dhíriú ar víosaí a úsáideadh ar bhealach dleathach le linn tréimhsí tagartha ar leith roimhe seo in ionad díriú ar chuspóir turais an iarratasóra: de ghnáth, is i gcomhair bliain amháin a eisítear víosa il-iontrála leis na hiarratasóirí a d'úsáid víosa amháin go dleathach le linn na 18 mí go nuige seo; eisítear víosa il-iontrála ar feadh 2 bhliain leis na hiarratasóirí a d'úsáid víosa il-iontrála 1 bhliain go dleathach le linn na 30 mí go nuige seo; eisítear víosa il-iontrála ar feadh idir 3 bliana agus 5 bliana leis na hiarratasóirí a d'úsáid víosa il-iontrála 2 bhliain go dleathach le linn an 42 mhí go nuige seo.

– tá díolúine ag sealbhóirí *laissez-passer* bailí an Aontais Eorpaigh ón gceanglas víosa le haghaidh tréimhsí gearrfhanachta;

– foráiltear sna clásail deiridh go bhfuil sé d'fhéidearthacht ag na Páirtithe cuid den chomhaontú a chur ar fionraí nó é a chur ar fionraí ina iomláine ar aon chúis a mheastar a bheith iomchuí. I nDearbhú Comhpháirteach maidir le hAirteagal 12(5) den Chomhaontú a bhaineann leis na forais ar a bhféadfaí an Comhaontú a chur ar fionraí, tá liosta neamh-uileghabhálach de na forais sin, mar an t-ord poiblí, cosaint na slándála nó na sláinte náisiúnta, cúiseanna a bhaineann le cearta an duine nó leis an daonlathas, nó easpa comhar i réimse an athligin isteach;

– leasaítear clásal ginearálta an Chomhaontaithe d'fhonn an méid seo a leanas a áirithiú: an t-éascú a dhéantar do shaoránaigh Cabo Verde, is éascú é a dhéanfar do shaoránaigh den

Aontas freisin má chuirtear an ceanglas víosa i bhfeidhm arís le haghaidh fanacht nach faide ná 30 lá i gcomhair a dturais go Cabo Verde; déanfar an t-éascú céanna ar laghad do shaoránaigh den Aontas i gcás a ndéanann siad iarratas ar víosa Cabo Verde le haghaidh fanacht is faide ná 30 lá ach nach faide ná 90 lá. I gceangal leis an gComhaontú, tá Dearbhú Comhpháirteach faoi na rialacha maidir le víosaí Cabo Verde a eisiúint le saoránaigh den Aontas le haghaidh fanacht is faide ná 30 lá ach nach faide ná 90 lá agus sonraítear ann go bhféadfaidh saoránaigh den Aontas iarratas a dhéanamh laistigh de chríoch Cabo Verde ar na húdaráis inniúla le síneadh ama a chur leis an bhfanacht;

– An Dearbhú Comhpháirteach maidir le doiciméid taistil agus malartú rialta faisnéise ar shlándáil na ndoiciméad taistil, leasaítear é d'fhonn tagairt a dhéanamh do reachtaíocht intíre Cabo Verde lena dtugtar isteach doiciméid taistil bhithmhéadracha;

– Na cásanna sonracha a bhaineann leis an Danmhairg agus le hÉirinn, is sa bhrollach agus sna Dearbhuithe Comhpháirteacha a léirítear iad, brollach agus Dearbhuithe atá i gceangal leis an gComhaontú.

## 3. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is chun an Comhaontú a thabhairt i gcrích atá an togra seo á chur faoi bhráid na Comhairle.

Is é is bunús dlí leis an togra seo pointe (a) d'Airteagal 77(2) den Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gcomhréir le hAirteagal 218 de.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Faoi Airteagal 77(2)(a) CFAE, is faoi inniúlacht eisiach an Aontais caibidlíocht agus tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe a mbíonn tionchar ag a bhforálacha ar na rialacha maidir le heisiúint víosaí gearrfhanachta Schengen.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra reatha thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir inmhianaithe a ghnóthú, eadhon tabhairt i gcrích comhaontaithe idirnáisiúnta a éascóidh eisiúint na víosaí le saoránaigh Cabo Verde agus, ar bhonn cómhalartach, le saoránaigh den Aontas.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon chostas breise ag gabháil leis an togra seo do bhuiséad an Aontais.

## 5. CONCLÚIDÍ

I bhfianaise na dtorthaí thuasluaite, molann an Coimisiún gurb í an Chomhairle, tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, a dhéanfaidh tabhairt i gcrích an Comhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde a fhormheas, an comhaontú sin atá i gceangal agus lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí gearrfhanachta le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas Eorpach.

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí gearrfhanachta le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas Eorpach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(a), i gcomhréir le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[7],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh XXXX/XX ón gComhairle[8], an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí gearrfhanachta le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas ('an Comhaontú'), síníodh an Comhaontú sin an […], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is faide anonn.

(2) Rinne Comhairle an Aontais Eorpaigh an Chomhpháirtíocht Speisialta idir an tAontas agus Cabo Verde a fhormheas an 19 Samhain 2007[9]. Is de na cuspóirí atá aici an tsoghluaisteacht agus an teagmháil idirphearsanta a fheabhsú idir saoránaigh den Aontas agus saoránaigh Cabo Verde, mar aon le comhar a mhéadú i réimse an chomhraic in aghaidh na hinimirce neamhrialta.

(3) An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí gearrfhanachta le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas[10], is an 1 Nollaig 2014 a tháinig an Comhaontú sin i bhfeidhm.

(4) I bhfianaise na n-athruithe atá tagtha chun cinn i reachtaíocht intíre na bPáirtithe agus bunaithe ar an aiseolas ón gCoiste Comhpháirteach gur dá chúram faireachán ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, is é is aidhm don Chomhaontú, leasú a dhéanamh ar chuid de na forálacha, nó iad a chomhlánú, lena

[7] IO C […], […], lch. […].

[8] Cinneadh ón gComhairle, maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí gearrfhanachta le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas (IO L […], […], lch. […]).

[9] Conclúidí na Comhairle agus ionadaithe Rialtais na mBallstát ar theacht le chéile dóibh i dtionóil na Comhairle maidir leis an gCaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Cabo Verde san am atá le teacht (an 19 Samhain 2007); Doic. tagartha 15113/07.

[10] IO L 282, 24.10.2013, lch. 3.

n-éascaítear eisiúint na víosaí le saoránaigh Cabo Verde agus, ar bhonn cómhalartach, le saoránaigh den Aontas maidir le tréimhse fanachta atá beartaithe le haghaidh tréimhse nach faide ná 90 lá i rith tréimhse 180 lá.

(5) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha de *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[11]. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo ná níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir an chuir i bhfeidhm a ghabhann leis.

(6) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo ná níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir an chuir i bhfeidhm a ghabhann leis.

(7) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí gearrfhanachta le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas ('an Comhaontú'), is leis seo atá an Comhaontú céanna á fhormheas feasta.

Tá téacs an Chomhaontaithe agus na nDearbhuithe Comhpháirteacha i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine a chumhachtófar, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Chomhaontú a thabhairt, chun toiliú an Aontais le bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

*Airteagal 3*

An lá a ghlacfar é, sin é an lá a thiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm[12].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[11] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

[12] Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*.